

---

# Sainchuntas poist

Dáta:

---

**Roinn:** An Príomhfheidhmeannach

**Uimhir poist:** 1750

**Rannóg:** Seirbhísí Dí

**Teideal poist:** Oifigeach Gaeilge

**Grád:** PO1

---

## Príomhfheidhm an phoist

Bheith freagrach don Oifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta as maoirseacht fheidmiú agus mhonatóiriú Straitéis Teanga na comhairle go háirithe maidir le cur chun cinn, cosaint agus feabhsú na Gaeilge.

Timpeallacht dhearfach a chur chun cinn ó thaobh chuimsiú na Gaeilge i soláthar sheirbhísí agus fhaisnéis na comhairle, lena n-áirítear ceapadh agus seachadadh na bpleananna gnímh a ghabhann leo.

Comhpháirtíochtaí ábhartha a fhorbairt agus a choinneáil le heagrais, grúpaí agus pobail trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge leis an Straitéis Teanga a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aonaid Comhionannais agus Éagsúlachta trí chomhoibriú le gach croípháirtí leasmhar agus comhpháirtí le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge, mar atá leagtha amach i straitéisí an Aonaid, lena n-áirítear an Straitéis Teanga agus na snáithí a ghabhann léi, le tuiscint, rochtain agus rannpháirtíocht mhéadaithe a spreagadh.

---

## Achoimre ar fhreagrachtaí agus ar dhualgais phearsanta

1. Treoir agus tacaíocht a thabhairt ó thaobh fheidhmiú agus mhonatóiriú ghealltanais na Straitéise Teanga, go háirithe i dtaca le snáithe na Gaeilge de.
2. Freagrach as taighde a dhéanamh ar phleananna gnímh, iad a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm leis an Ghaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud cheantar ainmnithe Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.
3. Freagrach as monatóiriú buiséad leis an Straitéis Teanga a sheachadadh, ar aon dul le gnáthaimh airgeadais na Comhairle.
4. Treoir ar chomhthéacs dhleathach agus reachtúil na Gaeilge i dTuaisceart Éireann a mhonatóiriú agus a sholáthar, faoi threoir Aonad Seirbhísí Dlí na Comhairle.
5. Úsáid na Gaeilge, san fhormaid labhartha agus scríofa araon, a spreagadh taobh istigh de cheantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.
6. Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara bainteacha ionas go mbeidh siad rannpháirteach i bhforbairt agus soláthar bPlean Gnímh na Gaeilge trí chomhoibriú a spreagadh le hearnáil na Gaeilge.
7. Baill agus oifigigh bhainteacha de chuid na comhairle a choinneáil ar an eolas faoi na gnóthachtálacha is tábhachtaí i bPlean Gnímh na Gaeilge agus aird a tharraingt ar aon údar imní trí fhorbairt phras tuairiscí agus scaipeadh eolas ábhartha.
8. Úsáid croí-mheáin chumarsáide, amhail raidió, teilifís agus léirithe meáin a fhorbairt agus a fheidhmiú le haidhmeanna na Straitéise Teanga agus na bpleananna gnímh a ghnóthú.
9. Rochtain seirbhísí agus faisnéise na Comhairle i nGaeilge a fheabhsú, ar aon dul le polasaithe agus nósanna imeachta corparáideacha comhaontaithe; trí thacaíocht agus comhairle a thabhairt do ranna comhairle ar fheidhmiú na Straitéise Teanga agus na himpleachtaí a ghabhann léi ó thaobh oibríochtaí, polasaí agus rochtain seirbhísí.
10. Comhoibriú le seirbhísí inmheánacha eile le margaíocht a dhéanamh fúithi agus cuspóirí, tionscnaimh agus pleananna gnímh na Straitéise Teanga a chur chun cinn do réimse leathan de chomhpháirtithe agus custaiméirí.
11. Ceardlanna, comhdhálacha agus imeachtaí a cheapadh agus a chomhordú le feacht ar an Ghaeilge agus ar Straitéis Teanga na comhairle a ardú.
12. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a choinneáil leis an Ghaeilge a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú agus lena oiread leasa agus is féidir a bhaint as an Ghaeilge i dtaca le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na cathrach de.

- 
13. Tomhais feidhmíochta agus meicníochtaí tuairiscithe cuí daingne a fhorbairt maidir le soláthar bearta comhaontaithe.
  14. Oifigigh inmheánacha agus custaiméirí seachtracha a chomhairliú ar mhodhanna rochtana agus comhairliúcháin i nGaeilge, de réir mar is cuí.
  15. Seirbhísí inmheánacha aistriúcháin, profála agus ceartúcháin a chur ar fáil, de réir mar is gá, i gcoibhneas le hobair reatha an Aonaid Comhionannais agus Éagsúlachta (mar shampla croícháipéisí agus/nó cruinnithe) agus faoi choinne seirbhísí eile a fhad le leibhéal comhaontaithe.
  16. A chinntiú go n-aithnítear agus go bhfeidhmítear gach deis mhaoinithe tríd an Choiste chúí; a chinntiú go gcomhlánaítear gach iarratas agus aighneacht agus go gcuirtear isteach iad dá réir.
  17. A chinntiú go gcuireann gach gníomhaíocht comhionannas agus dea-chaidreamh chun cinn agus go gcinntítear feidhmiú éifeachtach dhualgais reachtúla Mhír 75.
  18. Bheith freagrach as bainistíocht baill foirne bhainteacha ar aon dul le gnáthaimh chorparáideacha, roinne agus aonaid, lena n-áirítear comhordú agus leithdháileadh ualach oibre, cáilíocht oibre, oiliúint/forbairt baill foirne shannta agus fhorbairt dea-chaidreamh obair foirne.
  19. Páirt a ghlacadh, faoi threoir, i gclár agallamh roghnúcháin na comhairle.
  20. Gníomhú de réir pholasaithe agus nósanna imeachta na comhairle agus na roinne lena n-áirítear cúram do chustaiméirí, éagsúlacht, sláinte agus sábháilteacht agus aon reachtaíocht bhainteach.
  21. Dualgais a chomhlíonadh ar dhóigh a d'fheabhsódh agus a chosnódh clú agus próifíl phoiblí chomhairle na cathrach.
  22. Dul i gceann dualgais bhainteacha eile a bhféadfadh gá a bheith leo ó am go chéile.

**Scríobhadh an sainchuntas poist seo nuair a bhí athrú suntasach eagrúcháin ag tarlú agus beidh sé faoi réir athbhreithnithe agus leasaithe de réir mar a fhorbraíonn éilimh an ról agus an eagrais. Mar sin de, caithfidh an sealbhóir poist a bheith solúbtha agus fios a bheith aige/aici go mb'fhéidir go n-iarrfaí air/uirthi tascanna, dualgais agus freagrachtaí a fheidhmiú nach bhfuil sonraithe sa sainchuntas poist ach atá ag cur leis an ról. Ba chóir don sealbhóir poist fios a bheith aige/aici fosta go bhféadfadh ionad an phoist seo sa struchtúr eagrúcháin athrú amach anseo.**

---

# Sonraíocht fostaí

Dáta:

---

Roinn: An Príomhfheidhmeannach

Uimhir poist: 1750

Rannóg: Seirbhísí Dlí

Teideal poist: Oifigeach Gaeilge

Grád: PO 1

---

## Critéir Riachtanacha

### Cáilíochtaí agus taithí

**Caithfidh** iarratasóirí, faoi dháta deiridh na n-iarratas:

- cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu in ábhar bainteach amhail dlí, polasaí poiblí, riarachán poiblí, Gaeilge nó cáilíocht chomhionann **agus** a bheith in ann a léiriú, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla ar an fhoirm iarratais, go bhfuil taithí ábhartha bliana ar a laghad acu i ngach réimse acu seo a leanas:

**nó**

- a bheith in ann a léiriú, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla ar an fhoirm iarratais, go bhfuil taithí ábhartha dhá bhliain ar a laghad acu i ngach réimse acu seo a leanas:
  - obair ar bhonn gairmiúil le seirbhísí a sholáthar do phobail Ghaeilge, trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge, idir scríofa agus labhartha<sup>1</sup>;
  - straitéisí nó polasaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú ina gcuimsítear bearta le tabhairt faoi chonstaicí a bhíonn roimh an Ghaeilge; agus
  - ról ceannais a ghlacadh i bhforbairt agus soláthar tionscadal agus pleananna gnímh ar cheisteanna bainteacha Gaeilge agus cláir nó polasaithe bainteacha a mhonatóiriú agus a mheas.

Tabhair do d'aire go gcaithfidh gach iarratasóir gearrliostaithe triail scileanna teanga a dhéanamh agus pas a fháil mar chuid den phróiseas roghnúcháin; measúnófar sna trialacha seo líofacht Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha. Tabhair do d'aire go n-úsáidfear marcanna iarratasóirí le tuilleadh gearrliostaithe a dhéanamh maidir leis na hiarratasóirí a n-iarrfar orthu freastal ar an agallamh deiridh.

---

<sup>1</sup> Ba chóir d'iarratasóirí a tabhairt dá n-aird go dtriailfear scileanna teanga go sainiúil (líofacht Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha) mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

---

## Scileanna agus tréithe sainiúla

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith in ann fianaise a léiriú ar na scileanna agus tréithe sainiúla seo a leanas a bhféadfadh sé go dtriallfí iad ar an agallamh:

**Scileanna Cumarsáide:** scileanna cur i láthair agus cumarsáide atá thar a bheith éifeachtach agus a bheith in ann tionchar a imirt ar réimse leathan de dhaoine agus d'eagrais, ar bhonn labhartha agus scríofa agus cumas tuairiscí, meamraim agus litreacha a scríobh ag leibhéal seirbhíse, ag úsáid Béarla agus Gaeilge shoiléir, shimplí chuig daoine inmheánacha agus seachtracha ag gach leibhéal.

**Scileanna cúram do chustaiméirí:** tuiscint ar phrionsabail cúram do chustaiméirí agus comhairliúcháin agus ar an ghá atá le freagairt d'éilimh custaiméirí tríd an tábhacht atá le freagairt go cuí do riachtanais custaiméirí, idir inmheánach agus sheachtrach, a aithint, lena n-áirítear comhghleacaithe, pobail Ghaeilge, grúpaí maoinithe agus croípháirtithe leasmhara a bhaineann le héagsúlacht teanga.

**Scileanna anailíse agus cinnteoireachta:** a bheith in ann cásanna casta a anailísiú agus a réiteach agus cinntí a dhéanamh a chuideodh leis an phróiseas cinnteoireachta go han-éifeachtach.

**Scileanna comhpháirtíochta:** a bheith in ann obair i gcomhpháirt a chruthú, a choinneáil agus a fheabhsú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí foirmiúla le torthaí sainiúla a chur ar fáil.

**Scileanna íogaireacht pholaitiúil:** a bheith in ann plé le ceisteanna íogaire trí úsáid feasacht agus íogaireacht pholaitiúil nuair a bhítear ag obair i bpáirt le baill thofa, bainisteoirí sinsearach agus le hionadaithe ó eagrais sheachtracha.

**Scileanna bainistíocht tionscadail agus pleanáil oibre:** a bheith in ann plé le hualach leithdháilte oibre agus a bheith ag obair gan mhaoirseacht de réir spriocamanna teanna taobh istigh de thionscadail agus riachtanais acmhainní a shocrú agus a bheith in ann obair a chur in ord tosaíochta, pleananna oibre a thuiscint agus cláir a chur i gcrích lena chinntiú go mbainfear amach torthaí sainiúla.

**Scileanna teicneolaíocht faisnéise:** a bheith in ann úsáid éifeachtach a bhaint as bogearraí teicneolaíocht faisnéise lena n-áirítear próiseáil focal, scarbhileoga agus bunachair sonraí agus tuiscint ar dhóigheanna a dtig le ríomhchláir agus teicneolaíocht úr éifeachtach ghnó a mhéadú.

**Scileanna tionchair agus idirbheartaíochta:** a bheith in ann obair as maol do chonláin, tréithe dea-cheannaireachta a léiriú d'fhonn tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara, idir inmheánach agus sheachtrach, le torthaí a ghnóthú.

**Comhionannas deiseanna:** tuiscint ar agus tiomantas don chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus mar a bhaineann siad leis an láthair oibre agus le soláthar seirbhísí.

## Critéir ghearrliostaithe

Le cois na gcritéar riachtanach thuasluaite, coinníonn Comhairle Cathrach Bhéal Feirste an ceart gan ach na hiarratasóirí sin a ghearrliostú, faoi dháta deiridh na n-iarratas, atá in ann:

- sa chéad dul síos, a léiriú ar an fhoirm iarratais, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt, go bhfuil taithí ábhartha acu ar cheapadh, soláthar agus meastóireacht cláir oiliúna ar cheisteanna Gaeilge do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

- 
- nó** bearta comhairliúcháin leis an phobal nó le húsáideoirí seirbhísí poiblí nó seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear torthaí comhairliúcháin a anailísiú; agus
- sa dara dul síos, a léiriú ar an fhoirm iarratais trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt, go bhfuil taithí ábhartha acu ar chomhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí sinsearacha agus do bhainisteoirí boird faoi cheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge.

**Comhairle Cathrach Bhéal Feirste**  
**Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta**  
**Oifigeach Gaeilge (PO1) (Buan)**  
**An Rannóg Seirbhísí Dlí**  
**Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh**

---

**Ceapachán**

Painéal roghnúcháin a dhéanfaidh an ceapachán, ach é faoi réir daingniúchán ag stiúrtóir na rannóige cuí. Tabhair do d'aire go mbeidh fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge, atá ag páirtmhaoiniú an phoist seo, i láthair ar gach agallamh ar bhonn breathnaitheach amháin

D'fhéadfadh sé go gcuirí le chéile liosta cúltaca d'iarratasóirí ar an phost seo, a mhairfeadh 12 mhí ar a fhad. Má bhíonn post den chineál céanna ar fáil le linn an ama sin, féadfar é a thairiscint do dhuine ar an liosta cúltaca, in ord fiúntais, gan agallamh breise. **D'fhéadfadh na poist seo a bheith ar bhonn buan nó sealadach agus d'fhéadfadh uaireanta lánaimseartha nó páirtaimseartha a bheith i gceist**

Má thairgtear post sealadach duit agus má ghlacann tú leis m.sh. post sealadach páirtaimseartha trí mhí, agus má thagann post sealadach eile aníos ón fheachtas chéanna earcaíochta m.sh. ar feadh bliana, beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil tú ag obair i bpost sealadach, páirtaimseartha go fóill, ní thairgfear post eile sealadach, páirtaimseartha duit. I gcúinsí áirithe, áfach, nuair a thairgtear deiseanna do gach iarratasóir bainteach atá ar liosta cúltaca na bhfolúntas sealadach, lánaimseartha nó páirtaimseartha, ar chuir siad in iúl ar a bhfoirm iarratais go roghnódh siad iad, agus má tá tréimhse an liosta cúltaca bailí go fóill agus má tá folúntais shealadacha le líonadh go fóill roimh dháta éaga an liosta cúltaca, coinníonn an chomhairle an ceart an liosta cúltaca a 'athbhreathnú' in ord docht fiúntais. Seo é an t-aon chás amháin inar féidir post eile sealadach, páirtaimseartha a thairiscint do dhuine a cheaptar i bpost sealadach m.sh. post sealadach páirtaimseartha.

Má thagann post den chineál céanna aníos le linn an ama sin, tairgfear é d'iarratasóirí ar an liosta cúltaca ar an dóigh seo a leanas:

1. Ar dtús, déanfar teagmháil le hiarratasóirí de theileafón agus **caithfidh** siad freagairt taobh istigh de thrí lá oibre chun glacadh leis an phost nó é a dhiúltú.
2. Mura féidir teagmháil teileafóin a dhéanamh le hiarratasóirí, déanfar teagmháil leo de litir agus **caithfidh** siad freagairt de theileafón nó tríd an fhoirm ghlactha a sheoladh ar ais faoi cheann cúig lá oibre ó dháta na litreach.

Mura bhfreagraíonn iarratasóirí taobh istigh de na scálaí ama thuasluaite, tairgfear an post, in ord fiúntais, don chéad duine eile ar an liosta cúltaca. Coinneofar ainmneacha na n-iarratasóirí nach bhfreagraíonn taobh istigh de na scálaí ama thuasluaite ar an liosta cúltaca, in ord fiúntais, ar mhaithe le poist fholmha eile feasta.

Má dhéantar teagmháil le hiarratasóirí trí huair ar leith, áfach, agus ní fhreagraíonn siad taobh istigh de na scálaí ama thuasluaite, glacfaidh an chomhairle leis nach bhfuil suim acu sa phost níos mó agus bainfear a n-ainmneacha ón liosta cúltaca.

Má athraíonn d'uimhreacha teileafóin nó do sheoladh ó chuir tú isteach d'fhoirm iarratais, is fút féin atá sé a chur in iúl d'Aonad Aimsiú Fostaithe AD ar 028 9027 0640 nó trí r-phost a chur chuig [jobs@belfastcity.gov.uk](mailto:jobs@belfastcity.gov.uk) le do shonraí teagmhála úra.

**Faoi láthair tá post buan, lánaimseartha amháin ann.**

## Mionsonraí poist

Sainchuntas poist: féach an sainchuntas poist faoi choinne mhionsonraí dhualgais an phoist. Sonraíocht fostaí: féach an tsonraíocht fostaí atá iniata faoi choinne mionsonraí ar aon cháilíocht, ceadúnas, ballraíocht d'fhorais ghairmiúla, taithí srl. atá de dhíth maidir leis an phost. Má mholtar iarratasóir lena c(h)eapadh sa phost, beidh d'iallach air nó uirthi cruthúnas bunaidh d'aon cháilíocht, ceadúnas, ballraíochtaí srl a raibh sé/sí ag brath orthu le tacú lena (h)iarratas a chur ar fáil. Bíodh a fhios ag iarratasóirí fosta go gcaithfidh siad fianaise a chur ar fáil go raibh na cáilíochtaí, ceadúnais, ballraíochtaí srl acu ag dáta deiridh na n-iarratas.

## Luach saothair

Socróidh an chomhairle an tuarastal ar aon dul leis an Chomhchomhairle um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil, Scála Tuarastail reatha PO1, SCP 33 go 36, £29,909 - £32,233 sa bhliain (is iondúil gurb é an pointe íosta an tuarastal tosaigh a íoctar ar bhonn míosúil d'íocaíocht dhíreach tríd an Uathchóras Imreiteach Baincéireachta (BACS) le do rogha cuntas bainc nó cumann foirgníochta).

## Ionad

Beidh an té a cheapfar lonnaithe i dtús báire i Halla Cathrach Bhéal Feirste ach iarrfar air/uirthi a bheith ag obair in agus/nó dul ar cuairt chuig ionaid eile.

## Seiceálacha réamhfhostaíochta

Roimh dhul i mbun dualgais, caithfidh an té a bhfuiltear ag moladh le haghaidh ceapacháin:

- (a) Comhaontú a dhéanamh ina leagfar amach príomhthearmaí agus príomhchoinníollacha na fostaíochta.
- (b) Fianaise a chur ar fáil ar cheart oibre agus cónaithe sa RA trí theastas breithe bunaidh iomlán de chuid an RA agus cruthúnas bunaidh ar uimhir árachais náisiúnta (mar shampla, trí chárta árachais náisiúnta, P45 nó duillín pá srl.). Ní féidir glacadh le huimhreacha árachais náisiúnta sealadacha. An té nach bhfuil teastas breithe RA aige/aici, iarrfar air/uirthi pas agus cáipéisíocht eile de réir mar is gá a thabhairt.
- (c) Fianaise oifigiúil dá c(h)áilíochtaí, ceadúnas tiomána (an dá chuid) agus/nó ballraíocht de cháilíocht ghairmiúil a chur ar fáil de réir mar is gá. Tabhair do d'aire go gcaithfidh iarratasóirí fianaise a thabhairt lena léiriú go raibh siad ina seilbh ag dáta deiridh na n-iarratas.
- (d) Mionsonraí a thabhairt den chuntas bainc nó cumann foirgníochta ina dtaiscfear a t(h)uarastal nó pá.
- (e) Dhá theistiméireacht shásúla oibre a chur ar fáil. Mura bhfaighfear teistiméireachtaí fóirsteanacha, sásúla, ní thairgfear an ceapachán dó/dí.
- (f) Measúnú sásúil leighis de chuid Aonad Sláinte Cheirde na comhairle a dhéanamh.
- (g) Na foirmeacha bainteacha bhallaíocht Choiste Aoisliúntais Oifigigh Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann (NILGOSC) nó na foirmeacha rogha an diúltaithe a chomhlánú.
- (h) Foirm nochtadh caidreamh teaghlach a chomhlánú.
- (i) Foirm nochtadh cionta coiriúla a chomhlánú, faoi Ordú Athshlánú Ciontóirí (TÉ) 1978. Caithfidh gach iarratasóir a mholtar le haghaidh ceapacháin i bpost i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste mionsonraí a thabhairt faoi aon chiontóirí nach bpléitear leo mar chionta 'caite'. Ní chuirfear aon chion nocht san áireamh ach nuair a mheastar an cion a bheith bainteach leis an phost agus pléifear leis i gcomhthéacs an phoist, nádúr an chionta agus an fhreagracht as cúram an chliaint/chustaiméara agus na bhfostaithe reatha.

**Má chiontaítear an duine le linn a f(h)ostaíochta le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, caithfidh sé/sí a chur in iúl dá b(h)ainisteoir líne/ionadaí AD rannóige. Mura gcomhlíonfar an t-iarratas seo, féadann sárú téarmaí agus coinníollacha fostaíochta teacht dá bharr agus smachtbhanna nó briseadh as post dá réir. Is ar bhonn rúnda a phléifear le faisnéis ar bith agus tá cuidiú ar fáil.**

Tabhair do d'aire, má mholtar iarratasóir le haghaidh ceapacháin, caithfidh sé/sí na seiceálacha réamhfhostaíochta a chomhlánú, mar atá leagtha amach thuas, faoi cheann 10 lá nó d'fhéadfadh sé go dtarraingeofaí an moladh ceapacháin siar agus ní dhéanfar aon tairiscint fhoirmiúil ceapacháin.



## **Polasaithe comhairle**

Beidh d'iallach ar an té a cheapfar gach polasaí, gnáthamh, treoirlíne, cleachtas oibre comhaontaithe agus comhaontú comhchoiteann de chuid na comhairle faoi láthair agus feasta a chomhlíonadh. Eiseofar cóip de Ghnáthamh Smachta agus Gnáthamh Gearáin na comhairle le gach fostaí úr ar Chúrsa Ionduchtúcháin na comhairle.

## **Coinníollacha**

Bainfidh na coinníollacha ginearálta seirbhíse mar a ordaíonn Comhchomhairle Náisiúnta na Seirbhísí Rialtais Áitiúil agus an chomhairle ó am go ham dá cuid oifigeach leis an cheapachán.

Tabhair do d'aire más iarratasóir thú a bhfuil seirbhís déanta agat cheana i Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag srl. moltar duit do chás féin a shoiléiriú maidir le leanúnachas na seirbhíse seo, roimh ghlacadh tairiscint ceapacháin ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste.

## **Uaireanta dualgais**

37 sa tseachtain na huairteanta dualgais, cúig lá den tseachtain, Luan go hAoine. Tá uaireanta oibre solúbtha i bhfeidhm idir 7.30rn agus 6.30in agus croí-amanna ina gcaithfidh an té a cheapfar a bheith ag obair. D'fhéadfadh sé, áfach, go mbeadh ar an té a cheapfar tosú agus críochnú ag obair ag amanna ar leith a fhóireann do riachtanais shainiúla na seirbhíse agus go mb'fhéidir go mbeadh air/uirthi bheith ag obair taobh amuigh de na huairteanta seo.

## **Saoire bhliantúil**

Beidh an té a cheapfar i dteideal 23 lá de shaoire bhliantúil le cois 12 lá saoire bainc nó eile.

Méadófar teidlíocht saoire faoi chúig lá i gcás oifigeach nach bhfuil níos lú ná cúig bliana de sheirbhís leanúnach acu agus faoi thrí lá eile i gcás oifigeach nach bhfuil níos lú ná deich mbliana de sheirbhís leanúnach acu.

Tosaíonn an bhliain saoire ar 1 Aibreán agus beidh iontrálaithe úra chun na seirbhíse i dteideal saoire atá comhréireach le míonna críochnaithe seirbhíse.

Baineann an teidlíocht seo le patrúin oibre cúig lá. Ríomhfar teidlíocht choibhéseach saoire ar bhonn pro-rata maidir le patrúin eile oibre.

## **Saoire bhreiteachta**

Is é cuspóir na scéime seo cur le Pá Breiteachta Reachtúil agus le Sochar Éagumais ionas go gcoinneofar gnáthphá i rith tréimhsí sainmhínithe neamhláithreachta mar gheall ar thinneas, galar, taisme nó ionsaí. Ní hionann ar chor ar bith neamhláithreachta a bhaineann le gnáth-thinneas agus neamhláithreachta trí ghalar tionsclaíoch, taisme nó ionsaí ag éirí as nó le linn fostaíochta le húdarás áitiúil. Ní áireofar tréimhsí neamhláithreachta a bhaineann le cineál amháin le taobh cineál eile ar mhaithe le teidlíochtaí faoin scéim a ríomh. Tá fostaíthe i dteideal pá breiteachta a fháil i leith na dtréimhsí seo:

Le linn na chéad bhliana de sheirbhís	pá iomlán míosa agus (i ndiaidh seirbhís ceithre mhí a dhéanamh) leathphá dhá mhí
Le linn an dara bliain de sheirbhís	pá iomlán dhá mhí, agus leathphá dhá mhí
Le linn an tríú bliain de sheirbhís	pá iomlán ceithre mhí, agus leathphá ceithre mhí
Le linn an cheathrú agus cúigiú bliain de sheirbhís	pá iomlán cúig mhí, agus leathphá cúig mhí
I ndiaidh seirbhís cúig bliana	pá iomlán sé mhí, agus leathphá sé mhí

## **Aoisliúntas**

Déanfar ball de Scéim Pinsean Rialtais Áitiúil (Tuaisceart Éireann) LGPS (NI) láithreach den té a cheapfar de réir rialacháin na scéime. Tig leis/léi a roghnú gan dul leis an scéim. Tá iallach ar an chomhairle, áfach, cloí leis na forálacha uathchlárúcháin agus cláróidh siad láithreach an té a cheapfar ag amanna áirithe. Coiste Aoisliúntais Oifigigh Rialtais Áitiúil Thuaisceart Éireann a riarann an LGPS (NI) (NILGOSC) ([www.nilgosc.org.uk](http://www.nilgosc.org.uk)).

## **Canbhasáil**

Dícháileofar iarratasóir a dhéanann canbhasáil de shórt ar bith, bíodh sé i bhfoirm labhartha nó scríofa, dhíreach nó indíreach. Tig le hiarratasóirí, áfach, teagmháil a dhéanamh leis an rannóg chuí le tuilleadh eolais faoin phost a iarraidh. Níor chóir don duine ón rannóg chuí a thugann tuilleadh eolais a bheith ina b(h)all den phainéal roghnúcháin.

## **Fógra scoir**

Is iondúil gurb é an tréimhse íosta fógra scoir atá le tabhairt ag fostaí an ghnáth-thréimhse ó íocaíocht tuarastal nó pá go dtí an chéad íocaíocht eile.

Féadann Comhairle Cathrach Bhéal Feirste fostaíocht leis an chomhairle a scor leis an tréimhse fógra seo a leanas:

### **Seirbhís leanúnach**

Mí nó níos mó ach níos lú na dhá bhliain

Dhá bhliain nó níos mó ach níos lú ná dhá bhliain déag

12 bhliain nó níos mó

### **Tréimhse fógra scoir**

Tráth nach giorra ná seachtain amháin

Tráth nach giorra ná seachtain amháin ar gach bliain de sheirbhís leanúnach

Tráth nach giorra ná 12 sheachtain

## **Tréimhse phromhaidh**

D'fhéadfadh sé go gcuirfí d'iallach ar an té a cheapfar tréimhse phromhaidh sé mhí a dhéanamh, más riachtanas é de chuid na rannóige baintí agus le linn an ama seo, tabharfaidh an chomhairle fógra seachtaine leis an fhostaíocht a scor.

## **Costais agallaimh**

Níl aisíocfar costais agallaimh.

## **Iarratais a fháil**

Caithfear iarratais chomhlánaithe a fháil faoina 4in Dé Máirt, 29 Bealtaine, 2018.

Tabhair do d'aire gur faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go gcuirtear isteach agus go bhfaightear a f(h)oirm iarratais sa Rannóg Acmhainní Daonna faoin dáta agus am deiridh. Caithfear foirmeacha iarratais a chuirtear isteach go leictreonach a bheith i bhfoirm iatán r-phoist. Mar gheall ar Pholasaí Úsáid Ríomhairí na Comhairle agus prótacail slándála, ní féidir seirbhísí stórála amhail Sky Drive a rochtain. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach mar nasc chuig seirbhís stórála. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a thagann go mall. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais ná le heolas tacaíochta maidir le foirm iarratais atá curtha isteach cheana i ndiaidh an dáta agus an ama seo. Ní ghlacfar le hiarratais d'fhacs.

## **Dátaí gearrliostaithe, trialacha agus agallamh**

Táthar ag súil go ndéanfar gearrliostú faoi choinne an phoist seo Dé Máirt 5 Meitheamh agus Dé Céadaoin 6 Meitheamh 2018.

Caithfidh gach iarratasóir gearrliostaithe triail scileanna teanga a dhéanamh agus pas a fháil mar chuid den phróiseas roghnúcháin; measúnófar sna trialacha seo líofacht Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha. Tabhair do d'aire go n-úsáidfear marcanna iarratasóirí le tuilleadh gearrliostaithe a dhéanamh maidir leis na hiarratasóirí a n-iarrfar orthu freastal ar an agallamh deiridh.

Caithfidh iarratasóirí an triail teanga seo a dhéanamh i mBéal Feirste Dé Céadaoin 13 Meitheamh 2018 agus is ina dhiaidh sin a iarrfar ar iarratasóirí roghnaithe teacht chun na n-agallamh atá sceidealaithe don tseachtain dar tús Luan 25 Meitheamh 2018. (Más amhlaidh gur gá, mar gheall ar líon na n-iarratasóirí gearrliostaithe, dáta breise faoi choinne trialacha, socrófar é seo Dé hAoine 15 Aibreán 2018. Mar sin de, comhairlítear d'iarratasóirí a chinntiú go mbeidh siad ar fáil le freastal ar na trialacha teanga seo Dé Céadaoin 13 Meitheamh 2018 le cois Dé hAoine 15 Aibreán 2018. Ag brath ar líon na n-iarratasóirí gearrliostaithe, áfach, d'fhéadfadh laethanta breise trialacha a bheith de dhíth agus coinníonn an chomhairle an ceart dátaí breise le cois a bhfuil luaite thuas a eagrú.)

Tabhair do d'aire nach féidir dáta na trialach teanga a athrú agus cé go bhféachfaidh an chomhairle le cloí leis an chlár ama seo, ní féidir, i gcás ar bith, socrúithe eile a dhéanamh d'iarratasóirí aonair.

Déanfaidh an chomhairle gach iarracht réasúnta riar ar iarratasóirí nach mbeidh ar fáil ar dháta sonrach an agallaimh ach níl aon oibleagáid orthu a leithéid a dhéanamh.

## Comhairle Cathrach Bhéal Feirste

Iarratas ar cheapachán mar:

### Oifigeach Gaeilge (PO1)

(Faoi láthair tá post buan, lánaimseartha amháin ann. D'fhéadfaí poist eile lánaimseartha, pháirtaimseartha, shealadacha agus bhuana a líonadh ó liosta cúltaca.)

### Rannóg Seirbhísí Dlí

### Roinn an Phríomhfheidhmeannaigh

Ainm an Iarrtasóra:

Seoladh:

Is é an dáta deiridh faoi choinne iarratas: **4in Dé Máirt, 29 Bealtaine 2018.**

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe iarratais a chur de r-phost chuig [jobs@belfastcity.gov.uk](mailto:jobs@belfastcity.gov.uk). agus gheobhaidh tú uathfhreagra nuair a gheofar d'iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil faoi cheann 30 nóiméad, scairt ar 9027 0640 lena chinntiú go bhfaightear d'iarratas (na gnáthuaireanta oifige Luan-Déardaoin 8.30rn-5in, Aoine 8.30rn-4.30in na gnáthuaireanta oifige). Caithfidh tú a chinntiú go bhfaighimid d'iarratas **roimh** an dáta agus am deiridh óir ní bheimid in ann iarratais a ghlacadh a sheoltar ach nach bhfaightear roimh an dáta agus am deiridh.

Is féidir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur fosta chuig:

Iarratais ar Phoist

Foirgneamh Cecil Ward

4-10 Sráid Halla an Linéadaigh

Béal Feirste, BT2 8BP

**Má tá míchumas agat, nó murab é an Béarla do theanga dhúchais agus tá deacrachtaí agat le gné ar bith dár bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, scairt ar 028 9027 0640**

**Is fostóir comhionannas deiseanna é Comhairle Cathrach Bhéal Feirste agus fáiltímid roimh iarratais ó gach cuid den phobal**



**Belfast**  
City Council

Le cois an folúntas reatha a líonadh, tá beartaithe againn fosta liosta cúltaca a chruthú d'íarratasóirí a n-éiríonn leo, in ord docht fiúntais bunaithe ar mar a éiríonn leo ar an agallamh. Táimid ag dúil go mairfidh an liosta seo 12 mhí, nó go dtí go mbeidh sé caite, cibé acu is túsce.

Mar sin de, má bhíonn post den chineál chéanna leis an fholúntas reatha ar fáil taobh istigh den achar ama seo, d'fhéadfaimis é a thairiscint dóibh siúd ar an liosta cúltaca, in ord fiúntais, gan agallamh eile.

### **D'fhéadfadh na poist seo a bheith ar bhonn buan nó sealadach agus uaireanta lánaimseartha nó páirtaimseartha ag dul leo.**

Léirigh thíos an suim leat post buan nó sealadach (téarma seasta san áireamh) ag obair uaireanta lánaimseartha nó páirtaimseartha trí thic a chur sa bhosca chuí.

**Más suim leat poist bhuana agus shealadacha araon, cuir tic (✓) sa dá bhosca.**

**Cineál conartha:**

**Buan**  **Sealadach**

**Uaireanta oibre:**

**Lánaimseartha**  **Páirtaimseartha**

Is féidir cur isteach ar gach post agus má cheaptar thú ar an liosta cúltaca, déanfar tú a mheas maidir le folúntais bhuana agus shealadacha agus uaireanta lánaimseartha agus páirtaimseartha.

Má chuireann tú isteach ar gach post, is féidir tairiscint fostaíocht shealadach a ghlacadh gan do cheart a chailleadh ar tú a mheas faoi choinne post buan. Ar an dóigh chéanna, is féidir post a ghlacadh ina bhfuil uaireanta páirtaimseartha gan do cheart a chailleadh ar phost ina bhfuil uaireanta lánaimseartha.

**Má chuirtear ar an liosta cúltaca thú, ní thairgfear poist duit ach amháin ar bhonn an eolais a thug tú thuas. Mar shampla, má chuir tú tic a léiríonn gur ar phoist bhuana amháin atá tú ag cur isteach agus má bhíonn post sealadach ar fáil, ní thairgfimid an post sealadach seo duit. Ar an dóigh chéanna, má chuir tú tic a léiríonn gur suim leat uaireanta lánaimseartha amháin agus má bhíonn post páirtaimseartha ar fáil, ní thairgfimid an post páirtaimseartha seo duit.**

### Cuid 1: Sonraí pearsanta

An bhfuil tú fostaithe ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste faoi láthair?

Tá  Níl

Má tá, iontráil d'uimhir foirne:

An raibh tú fostaithe ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste roimhe ?

Bhí  Ní raibh

Má bhí, luaigh cad chuige ar fhág tú:

#### 1. Do shonraí

(a) Teideal: (An tUas Bean Mhic/Uí, Iníon, Dr. srl)

(b) Réamhainmneacha:

(c) Rogha ainm:

(d) Sloinne:

#### 2. Sonraí teagmhála

(a) Uimhir ghutháin:

(b) Seoladh r-phoist:

(c) Seoladh 1:

(d) Seoladh 2:

(e) Baile mór:

(f) Contae:

(g) Postchód:

#### 3. Eolas eile

Uimhir árachais náisiúnta:

## Cuid 2: Cáilíochtaí agus taifead fostaíochta

### 4. Cáilíochtaí

- (a) Mionsonraí na gcáilíochtaí a fuarthas (tagair do shonraíocht an fhostaí):  
Scríobh ainm, leibhéal agus grád na cáilíochta, bliain a bronnta agus an comhlacht scrúdúcháin nó ollscoil/coláiste a bhronn an cháilíocht óir d'fhéadfadh an t-eolas seo a bheith de dhíth ar an phainéal roghnúcháin.

**Más infheidhme, caithfidh iarratasóirí, faoi dháta deiridh an iarratais, cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu in ábhar bainteach amhail dlí, polasaí poiblí, riarachán poiblí, Gaeilge nó cáilíocht chomhionann. Tabhair mionsonraí faoi do cháilíocht bhainteach thíos:**

Bliain:	Comhlacht scrúdúcháin / Ollscoil / Coláiste:	Leibhéal cáilíochta:	Ábhar:	Grád nó marc:

- (b) Má tá tú ag cur isteach ar phost ar bhonn cáilíochta nach bhfuil luaite ar an tsonraíocht fostaí ach go measann tú í a bheith comhionann, liostaigh na príomhthopaicí agus promh-mhodúil thíos lena léiriú mar is ionann í i dtéarmaí leibhéil, leithne, doimhneachta agus ábhair srl. Tabhair aon eolas breise fosta a chuidíonn le do chás, dar leat.  
(An painéal roghnúcháin a dhéanfaidh an cinneadh deiridh ar ábharthacht agus comhionannas do cháilíochta.)

Bliain:	Comhlacht scrúdúcháin / Ollscoil/Coláiste:	Leibhéal cáilíochta:	Ábhar agus modúil ar a ndearnadh staidéar:	Grád nó marc

Fianaise thacaíochta ar bith eile a bhaineann le comhionannas na gcáilíochtaí atá luaite, mar shampla, an méid ionannais leis an cháilíocht faoi mar atá mionsonraithe sa tsonraíocht fostaí:

--

## Taifead fostaíochta

(c) Mionsonraí faoi fhostaíocht reatha agus post reatha:

Ainm agus seoladh an fhostóra reatha (más ann dó):	Dáta beacht ar thosaigh an fhostaíocht (ll/mm/bbbb):	An post atá agat leis an fhostóir reatha:	Tuarastal:

(d) Mionosraí faoi fhostaíocht agus poist roimhe seo:

Ainm agus seoladh fostóra/fostóirí roimhe seo:	Ó: (ll/mm/bbbb):	Go: (ll/mm/bbbb):	Po(i)st a bhí agat:	Tuarastal:



### Cuid 3: Taithí

**Caithfidh tú an fhoirm iarratais a chomhlánú i gclóscríbhinn (Arial méid chló 11) nó de lámhscríbhneoireacht inléithe le dúch dubh. Caithfidh tú teorainn nach mó ná leathanach A4 amháin in aghaidh an chritéir a chur le do théacs sa chuid seo .i. (a) go (e). Níl cead agat leathanaigh leantacha a úsáid. Má chuireann tú isteach níos mó ná leathanach amháin in aghaidh an chritéir, ní dhéanfaidh an painéal gearrliostaithe ach an chéad leathanach d'eolas a mheas agus d'fhéadfadh sé nach ngearrliostófaí thú.**

**Caithfidh** iarratasóirí, faoi dháta deiridh na n-iarratas, a bheith in ann a léiriú trí shamplaí pearsanta agus sainiúla ar an fhoirm iarratais, go gcomhlíonann siad an taithí faoi mar atá luaite sa tsonraíocht fostaí.

#### Critéir riachtanacha

##### Cáilíocht agus taithí

**Caithfidh** iarratasóirí, faoi dháta deiridh na n-iarratas:

- cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu in ábhar bainteach amhail dlí, polasaí poiblí, riarachán poiblí, Gaeilge nó cáilíocht chomhionann **agus** a bheith in ann a léiriú, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla ar an fhoirm iarratais, taithí ábhartha bliana i ngach réimse acu seo a leanas:

##### nó

- a bheith in ann a léiriú, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla ar an fhoirm iarratais, taithí ábhartha dhá bhliain i ngach réimse acu seo a leanas:
  - a. obair ar bhonn gairmiúil le seirbhísí a sholáthar do phobail Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge, idir scríofa agus labhartha<sup>1</sup>;
  - b. straitéisí nó polasaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú ina gcuimsítear bearta le dul i ngleic le constaicí atá roimh an Ghaeilge; agus
  - c. ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt agus soláthar tionscadal agus pleananna gnímh ar cheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge agus cláir nó polasaithe bainteacha a mhonatóiriú agus a mheas.

#### Critéir ghearrliostaithe

Le cois na gcritéir riachtanach thuas, coinníonn Comhairle Cathrach Bhéal Feirste an ceart gan ach na hiarratasóirí sin a ghearrliostú ag dáta deiridh na n-iarratas a dtig leo:

- d. sa chéad dul síos, a léiriú ar an fhoirm iarratais, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt, go bhfuil taithí ábhartha acu ar cheapadh, soláthar agus meastóireacht cláir oiliúna ar shaincheisteanna Gaeilge do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha **nó** bearta comhairliúcháin leis an phobal nó le húsáideoirí seirbhísí poiblí nó seachtracha a bhainistiú, lena n-áirítear torthaí comhairliúcháin a anailísiú; agus
- e. sa dara dul síos, a léiriú ar an fhoirm iarratais trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt, go bhfuil taithí ábhartha acu ar chomhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí sinsearacha agus do bhainisteoirí boird faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge.

---

<sup>1</sup> Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go dtriailfear scileanna teanga (líofacht Ghaeilge, idir scríofa agus labhartha) mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

### **I mboscaí (a) go (c) tabhair na mionsonraí seo a leanas:**

(a) Caithfidh tú dátaí tosaigh agus críche do thaithí ábhartha a chur in iúl go soiléir lena n-áirítear an líon blianta de thaithí atá agat sa réimse seo. Caithfidh tú mionsonraí soiléire a thabhairt ar an obair atá déanta agat ar bhonn gairmiúil le seirbhísí a sholáthar do phobail Gaeilge: nádúr na seirbhísí a chuir tú ar fáil; do ról agus do fhreagracht shainiúil i soláthar na seirbhísí seo; mar a sholáthair tú na seirbhísí seo trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, srl.

(b) Caithfidh tú dátaí tosaigh agus críche do thaithí ábhartha a chur in iúl go soiléir lena n-áirítear an líon blianta de thaithí atá agat sa réimse seo. Caithfidh tú mionsonraí soiléire a thabhairt ar na straitéisí nó polasaithe atá forbartha agus feidhmithe agat; na bearta a rinne tú leis na straitéisí nó polasaithe seo a fhorbairt agus a fheidhmiú; na bearta a cuimsíodh le dul i ngleic le constaicí atá roimh an Ghaeilge srl.

(c) Caithfidh tú dátaí tosaigh agus críche do thaithí ábhartha a chur in iúl go soiléir lena n-áirítear an líon blianta de thaithí atá agat sa réimse seo. Caithfidh tú mionsonraí soiléire a thabhairt ar an ról ceannaireachta a bhí agat i bhforbairt agus feidhmiú tionscadal agus pleananna gnímh; na bearta a rinne tú leis na tionscadail agus pleananna gnímh seo a fhorbairt agus a fheidhmiú; mar a bhain siad le saincheisteanna Gaeilge; na bearta a rinne tú le cláir nó polasaithe bainteacha a mhonatóiriú agus a mheas; aon chóras nó uirlis a d'úsáid tú le cuidiú leat, srl.

### **Más infheidhme, tabhair na mionsonraí seo a leanas i mboscaí (d) agus (e):**

(d) Caithfidh tú mionsonraí soiléire a thabhairt ar na cláir oiliúna atá ceaptha, curtha ar fáil agus measta agat: mar a bhain siad le saincheisteanna Gaeilge; na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar chuir tú na cláir oiliúna seo ina láthair; na bearta a rinne tú leis na cláir oiliúna seo a cheapadh, a chur ar fáil agus a mheas; mar a rinne tú anailís ar thorthaí comhairliúcháin, aon chóras nó uirlis a d'úsáid tú le cuidiú leat, srl.

(e) Caithfidh tú mionsonraí soiléire a thabhairt ar an chomhairle, treoir agus tacaíocht a thug tú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge; mar a thug tú an chomhairle, treoir agus tacaíocht seo do bhainisteoirí sinsearachacha nó do chomhaltaí boird; na réimsí a cumhdaíodh i do chomhairle, treoir agus tacaíocht; mar a chinntigh tú éifeacht do chomhairle, treorach agus tacaíochta; toradh do chomhairle, treorach agus tacaíochta, srl.

(a)

Léirigh sa bhosca seo, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt, go bhfuil taithí ábhartha bliain amháin nó dhá bhliain ar a laghad agat (faoi mar atá leagtha amach sa tSonraíocht Fostaí) ar obair ar bhonn gairmiúil le seirbhísí a sholáthar do phobail Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge, idir scríofa agus labhartha.

Continuation sheets must not be used

**(b)**

Léirigh sa bhosca seo, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt go bhfuil tairní ábhartha bliain amháin nó dhá bhliain ar a laghad agat (faoi mar atá leagtha amach sa tSonraíocht Fostaí) ar straitéisí nó polasaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú ina gcuimsítear bearta le dul i ngleic le constaicí atá roimh an Ghaeilge.

Continuation sheets must not be used

(c)

Léirigh sa bhosca seo, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt go bhfuil tairní ábhartha bliain amháin nó dhá bhliain ar a laghad agat (faoi mar atá leagtha amach sa tSonraíocht Fostaí) ar ról ceannaireachta a bheith agat i bhforbairt agus feidhmiú tionscadal agus pleananna gnímh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge agus cláir nó polasaithe bainteacha a mhonatóiriú agus a mheas.

Continuation sheets must not be used

**(d) Más infheidhme, Léirigh sa bhosca seo, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt go bhfuil taithí chuí agat ar chlár oiliúna do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge a cheapadh, a chur ar fáil agus a mheas nó bearta comhairliúcháin a bhainistiú le húsáideoirí poiblí nó seachtracha, lena n-áirítear torthaí comhairliúcháin a anailísiú.**

Continuation sheets must not be used

(e)

**Más infheidhme, Léirigh sa bhosca seo, trí shamplaí pearsanta agus sainiúla a thabhairt go bhfuil taithí chuí agat ar chomhairle, treoir agus tacaíocht a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Ghaeilge do bhainisteoirí sinsearacha nó do chomhaltaí boird.**

Continuation sheets must not be used

#### Cuid 4: Eolas eile

6. Fógra scoir i leith do phoist reatha:

7. Mura bhfuil tú fostaithe faoi láthair ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, tabhair an t-eolas is gá ar bheirt, nach bhfuil muinteartha duit, ar féidir teistiméireachtaí a iarraidh orthu. I gcás an dá mholtóir, is gá gur d'fhostóir reatha nó fostóir roimhe seo (más infheidhme) iad. Ba chóir go mbeadh an bheirt in ann cuntas a thabhairt ar do chumas chun tascanna an phoist a dhéanamh. Mura mian leat muid dul i dteagmháil le d'fhostóir reatha, tabhair dúinn sonraí an fhostóra is déanaí agat roimhe sin.

1. Fostóir reatha nó roimhe (Más ann dó)

Ainm:

Teideal an phoist:

Ainm an eagrais:

Seoladh (agus postchód leis):

Uimhir theagmhála:

Seoladh r-phoist:

2. Fostóir eile mar moltóir (nó teistiméireacht charachtair más infheidhme)

Ainm:

Teideal an phoist:

Ainm an eagrais:

Seoladh (agus postchód leis):

Uimhir theagmhála:

Seoladh r-phoist:

Deimhním go bhfuil an t-eolas thuas beacht agus tuigim go bhféadfadh sé, de thoradh aon eolas bréige nó míthreorach dá gcruthófaí, nach rachfaí chun cinn leis an iarratas seo nó, dá gceapfaí, go bhféadfaí mé a bhriseadh as post sa chomhairle. Deimhním fosta go ndéanfaidh an chomhairle an fhoirm iarratais seo a phróiseáil agus a choinneáil faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí 1998.

Síniú:

Dáta:



**Is d'aon turas atá an leathanach seo bán**

**Foirm mhonatóireachta comhionannas deiseanna**

Uimhir thagartha AD: 003430 /

Tá Comhairle Cathrach Bhéal Feirste tiomanta dá chinntiú go bhfuil comhionannas deiseanna fostaíochta agus ardú céime sa chomhairle ag gach duine incháilithe ar bhonn cumais, cáilíochtaí agus iniúlacht oibre. D'fhonn fheidhmiú éifeachtach an Pholasaí Comhionannas Deiseanna a chinntiú, iarrtar ar gach iarratasóir an ceistneoir seo a leanas a chomhlánú. Bainfear an ceistneoir seo ó d'fhoirm iarratais agus rialófar go docht é de réir an Chóid Cleachtais ar Mhonatóireacht a comhaontaíodh leis na Ceardchumainn.

**Ní fheicfidh an painéal gearrliostaithe ná an painéal agallaimh an ceistneoir seo.****Sonraí pearsanta:****Úsáid oifige amhain:****Dáta breithe:**

DB

**Inscne:**

Fireann

Baineann

Inscne

**Stádas  
Teaghlach:**

Pósta

Singil

Stádas

Colscartha

Scartha

Baintreach

Comhchón  
-aitheoir

Páirtíocht shibhialta

Páirtíocht shibhialta  
scortha

Eile, sainigh

**Bunús  
eitneach:**

Geal

Indiach

Bunús eitneach

Pacastánach

Bangladéiseach

Síneach

Taistealaí  
Éireannach

Dubh, Afracach

Dubh, Muir  
Chairib

Dubh eile, sainigh

Grúpa eitneach measctha,  
sainigh

Eile, sainigh

Tabhair do náisiúntacht nó saoránacht (mar shampla, Briotanach, Éireannach, Polannach):

Náisiúntacht

**Daoine a bhfuil/nach bhfuil míchumas acu:**

Tá míchumas ag duine má tá “lagú fisiciúil nó meabhrach aige/aici a bhfuil tionchar diúltach suntasach, fadtéarmach aige ar a c(h)umas gnáthghníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh.” (An tAct um Leithcheal Míchumais 1995)

An bhfuil, de réir a bhfuil thuas, míchumas agat? Tá  Níl  Míchumas

Má tá, luaigh cén cineál míchumais:

Mura bhfuil, an raibh míchumas riamh agat? Bhí  Ní raibh  Stair

**Daoine a bhfuil/nach bhfuil cleithiúnaithe acu:**

An bhfuil freagracht chúraim ort? Tá  Níl  Cleithiúnaithe

Páiste  Gaol  Duine ag a bhfuil míchumas

Eile, sainigh

**Úsáid oifige amháin:**

**Ceangal reiligiúin nó cúlra pobail:**

Éilíonn An tOrdú (TÉ) um Fhostaíocht agus um Dhéileáil Chothrom 1998 ar an chomhairle ceangal reiligiúin braite agus cúlra pobail braite a cuid fostaithe agus iarratasóirí a mhonatóiriú. De réir na Rialachán Monatóireachta 1999, iarraidimid ort a léiriú cén pobal lena mbaineann tú trí thic a chur sa bhosca chuí thíos:

Is ball den phobal Phrotastúnach mé  Cód

Is ball den phobal Chaitliceach Rómhánach mé  Modh

Ní ball den phobal Phrotastúnach ná den phobal Chaitliceach Rómhánach mé

**Tabhair do d'aire:** Mura gcomhlánóidh tú an chuid seo, iarrtar orainn an modh 'iarmharach' a úsáid, a chiallaíonn go ndéanfaimid cinneadh ar bhonn an eolais phearsanta ar d'fhoirm iarratais.

**Creideamh nó traidisiún reiligiúnach:**

Sainigh do cheideamh reiligiúnach, mar shampla, Críostaí, Hiondúch, Moslamach  Creideamh reiligiúnach

Gan creideamh reiligiúnach

Gan nochtadh

**Eolas breise:**

D'fhonn éifeachtacht ár bhfógraíochta a mhonatóiriú, léirigh cá háit a bhfaca tú fógra an phoist:

Belfast Telegraph  Irish News  Newsletter

Sunday Life  Sain-irisleabhar  HR jobline

Trál Comhairle

Suíomh gréasáin  
na Comhairle

Nijobfinder.co.uk

Stainníní Poist na  
Comhairle

Facebook

Twitter

An Roinn Foghlama,  
Post agus Sochar

Ó bhéal

Localgovernmentjobsni.gov.uk

Eile, luaigh cá háit: